# Scéalta an Tuaiscirt

**Ceist 1** Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi dheacrachtaí trádála sa Tuaisceart tar éis Brexit. Féach féin agus an duine in aice leat ar na focail seo a bheidh le cloisteáil sa mhír. An féidir libh na focail Ghaeilge a cheangal leis na focail Bhéarla?

| | |
|---|---|
| 1. srianta | *a. temporary* |
| 2. earraí | *b. to assure* |
| 3. easpórtáil | *c. to inspect* |
| 4. coimhlint | *d. flexibility* |
| 5. sealadach | *e. goods, commodities* |
| 6. earcú foirne | *f. staff recruitment* |
| 7. calafoirt | *g. on the cards* |
| 8. a iniúchadh | *h. export* |
| 9. ar na bacáin | *i. conflict* |
| 10. a dhearbhú | *j. ports* |
| 11. solúbthacht | *k. restrictions* |

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | | | | |

Anois, féach ar an tuairisc den chéad uair le feiceáil an féidir leat na focail sin a aithint sa mhír nuachta.

**Ceist 2** Féach ar an tuairisc arís. An bhfuil na ráitis seo thíos fíor nó bréagach?

1. Tiocfaidh na rialacha nua maidir le heaspórtáil earraí i bhfeidhm ar an gcéad lá is fiche de mhí Aibreáin.

2. Is é Gordon Lyons Aire Talmhaíochta an Tuaiscirt.

3. Cuireadh stop leis an obair thógála ar struchtúr buan chun earraí a iniúchadh.

4. Deir Gordon Lyons gur cheart prótacal Thuaisceart Éireann a scriosadh go hiomlán.

5. Aontaíonn Simon Coveney le Gordon Lyons gur chóir fáil réidh leis an bprótacal.

6. Tá Foras na Gaeilge ag súil le tuilleadh airgid i mbliana.

**Ceist 3** An aidiacht bhriathartha

Bhí an aidiacht bhriathartha de na briathra seo a leanas le cloisteáil sa mhír. Cad iad?

Iarr _____
Imigh _____

Cad faoi na cinn seo anois? Cuir in abairtí iad lena mbrí a léiriú.

Faigh _____
Abair _____
Déan _____
Cuir _____
Críochnaigh _____

**Ceist 4** '…*a chur*…'

Cad é an difríocht idir 'a chuir' agus 'a chur'? Cuir an dá shampla in abairtí lena mbrí a léiriú.

**Ceist 5** '…lucht gnó…'

1. Cuir na focail seo in abairtí lena mbrí a léiriú.

   *lucht*
   *pobal*
   *muintir*

2. Aistrigh na habairtí seo go Gaeilge anois:

   - *There's a big Jewish community in Paris.*
   - *The travelling community are not treated well today.*
   - *People get the virus from their own families.*
   - *The audience was great altogether.*
   - *My family comes from Donegal.*

**Ceist 6** Pléigh na ceisteanna seo thíos leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. Cad atá ar eolas agat faoi phrótacal Thuaisceart Éireann?
2. Cén réiteach atá ar cheist na teorann idir an Tuaisceart agus an Ríocht Aontaithe, dar leat?
3. Samhlaigh go gcuireann duine ó thír eile ceist ort cur síos a dhéanamh ar Thuaisceart Éireann. Cad a déarfá?

**Treoracha agus Freagraí**
**Ceist 1**

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| k | e | h | i | a | f | j | c | g | b | d |

**Ceist 2**
1. Bréagach. Tiocfaidh siad i bhfeidhm ar an gcéad lá de mhí Aibreáin.
2. Bréagach. Tá sé ina Aire Talmhaíochta sealadach.
3. Fíor.
4. Fíor.
5. Bréagach. Deir sé go gcaithfidh an prótacal fanacht mar atá mar is cuid de chomhaontú agus dlí idirnáisiúnta é.
6. Fíor.

**Ceist 3**

| | |
|---|---|
| Iarr | *iarrtha* |
| Imigh | *imithe* |
| | |
| Faigh | *faighte* |
| Abair | *ráite* |
| Déan | *déanta* |
| Cuir | *curtha* |
| Críochnaigh | *críochnaithe* |

**Ceist 4**
***a chuir*** – is é an aimsir chaite den bhriathar ***cuir*** é sin. Mar shampla: *Sin é an t-airgead a chuir Máire ina sparán inné.*
***a chur*** – is é an t-ainm briathartha den bhriathar ***cuir*** é. Mar shampla: *Caithfidh tú an t-airgead a chur sa sparán nó caillfidh tú é.*

**Ceist 5**
Lucht: Caitear go holc le lucht oibre na tíre seo.
Pobal: Tá pobal na Gaeltachta go láidir go fóill sa tír.
Muintir: Tá mé an-mhór le mo theaghlach; is breá liom bheith i measc mo mhuintire féin.

*Tá pobal mór Giúdach i bPáras.*
*Ní chaitear go maith leis an Lucht Taistil sa tír.*
*Tolgann daoine an víreas i measc a muintire féin.*
*Bhí an lucht féachana thar barr ar fad.*
*Is as Dún na nGall mo mhuintir féin.*

**Ceist 6**
Is féidir gach beirt nó triúr a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

**Siún Nic Gearailt**
Tá iarrtha ag an Aire Gnóthaí Eachtracha, Simon Coveney, ar lucht gnó ullmhú do na srianta nua a bheidh le cur i bhfeidhm ar earraí a bheidh le heaspórtáil chun na Breataine. Tiocfaidh na hathruithe nua i bhfeidhm ar an gcéad lá de mhí Aibreáin. Tá coimhlint fós ann mar gheall ar phrótacal Thuaisceart Éireann.

**Sorcha Ní Riada**
Le cúpla lá anuas tá an chonspóid mar gheall ar phrótacal Thuaisceart Éireann, a socraíodh mar chuid den gcomhaontú idir an Eoraip agus an Ríocht Aontaithe, imithe in olcas. Ar an Aoine, d'ordaigh an tAire Talmhaíochta sealadach sa Tuaisceart, Gordon Lyons, go gcuirfear stop leis an obair thógála ar struchtúr buan agus ar earcú foirne a bhí ar bun le go bhféadfaí earraí ag dul tríd na calafoirt a iniúchadh.

Ag labhairt in Stormont inniu, dúirt an tAire go bhfuil éiginnteacht fós ann mar gheall ar a bhfuil ar na bacáin do lucht gnó sa Tuaisceart agus i bhfianaise sin, go gcreideann seisean, gurb é seo an cinneadh ceart leis an gcinnteacht atá riachtanach don lucht gnó a dhearbhú. Dúirt sé leis, nach leor an prótacal a leasú nó a athrú ach go gcaithfear fáil réidh leis ar fad.

Ag labhairt faoi seo inné, dúirt an tAire Gnóthaí Eachtracha, Simon Coveney, go leanfaidh an prótacal. Dúirt sé go bhfuil comhráite leanúnacha ag dul ar aghaidh, féachaint cén tsolúbthacht atá ann laistigh den bprótacal le tacú le trádáil idir an Bhreatain agus Tuaisceart Éireann, lena laghad srianta agus seiceála is féidir é. Dúirt sé gur cuid de chomhaontú idirnáisiúnta agus dlí idirnáisiúnta an prótacal; agus go bhfuil dualgas dlíthiúil ann é a chur i bhfeidhm.

Idir an dá linn, bhí cruinniú boird ag ceann de na heagrais trasteorann, Foras na Gaeilge, inniu, le tosaíochtaí na bliana seo chugainn a phlé. Tá an Foras ag súil go bhfógrófar ardú airgeadais dóibh, nuair a thagann an Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas le chéile ag deireadh mhí an Mhárta.

Sorcha Ní Riada, Nuacht TG4.